WRC

An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre
Workplace Relations Commission



# Clár Oibre 2026

## An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre

## Bliain 2: Ráiteas Straitéise

Deich mBliana de Thionchar,

Todhchaí Oibre Córa agus Chomhionannais

An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre
Workplace Relations Commission

# An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre Clár Oibre 2026

## Deich mBliana de Thionchar, Todhchaí Oibre Córa agus Chomhionannais

Curtha i láthair don Aire Stáit ag An Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta Alan Dillon T.D. ag Bord an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre

*Nollaig 2025*

# Clár Ábhair


| | |
|---|---|
| 1. Réamhrá | 2 |
| 2. Athbhreithniú ar 2025 | 3 |
| 3. Ár bhFís agus Ár Luachanna | 6 |
| 4. Príomh-Uaillmhianta Straitéiseacha | 7 |
| 5. Ár Straitéis a Bhaint Amach | 8 |
| 6. Monatóireacht agus Tuairisciú | 15 |
| 7. Plean Gníomhaíochta Chlár Oibre Bliantúil 2026 | 16 |

# 1. Réamhrá

**Foráiltear leis an Acht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015 go bhfuil d'iallach ar Bhord an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre Clár Oibre bliantúil a chur faoi bhráid an Aire ina leagfar amach an obair a bhfuil beartaithe ag an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre a dhéanamh i rith na bliana lena mbaineann an clár oibre.**

Sheol an tAire Stáit do Ghnóthais Bheaga, Miondíol agus Fostaíocht, Alan Dillon, T.D., Ráiteas Straitéise 2025 – 2027 an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre (CCÁO) "*Deich mBliana de Thionchar, Todhchaí Oibre Córa agus Chomhionannais"* i mí Iúil 2025. Seo an ceathrú Ráiteas Straitéise ón CCÁO agus cé nach bhfuil a chuspóir reachtúil ná na seirbhísí a sholáthraíonn sé athraithe, ceapadh an Ráiteas Straitéise chun freagairt go solúbtha don timpeallacht eacnamaíoch, shóisialta agus reachtúil atá ag athrú agus atá dúshlánach.

Tá an creat straitéiseach bunaithe ar cheithre ghné idirnasctha chun a chinntiú go leanann an CCÁO de chearta oibrithe a chosaint, díospóidí a réiteach, daoine a chumasú le heolas, agus cumais an CCÁO a neartú trí fheabhsú leanúnach.

Tríd an Ráiteas Straitéise, déanfaidh an CCÁO iarracht a fhís straitéiseach níos leithne a bhaint amach thar thrí bliana, díreofar sa chlár oibre seo ar na gníomhaíochtaí oibre atá beartaithe do 2026 chun an fhís sin a bhaint amach agus a shainchúram reachtúil á chomhlíonadh go héifeachtach ag an am céanna chun freastal ar oibrithe, ar fhostóirí, ar fhoireann an CCÁO agus ar an tsochaí i gcoitinne.

# 2. Athbhreithniú ar 2025

**In 2025, chuir an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (WRC) a chlár oibre i gcrích go rathúil, ag cinntiú go raibh na hoibleagáidí reachtúla agus na seirbhísí lárnacha go léir á gcomhlíonadh go comhsheasmhach in ainneoin brúnna méadaitheacha agus éileamh méadaitheach.**

Léiríonn an t-éacht seo ár dtiomantas daingean chun ardchaighdeáin seachadta seirbhíse a choinneáil agus oiriúnú do thimpeallacht dhinimiciúil agus dhúshlánach ag an am céanna. De réir mar a leanann an t-éileamh ag méadú, ní hamháin gur choinnigh an WRC sármhaitheas oibríochtúil ach léirigh sé athléimneacht agus smaointeoireacht chun cinn trí fhorbairt agus trí sheoladh a Ráiteas Straitéise trí bliana—ag dearbhú ár ndúthracht don nuálaíocht agus don fheabhsú leanúnach maidir le freastal ar riachtanais úsáideoirí seirbhíse.

A bhuíochas leis an dúshraith láidir seo, bhíothas in ann tionscnaimh shuntasacha a chur i gcrích thar oibríochtaí laethúla—tionscadail a neartaigh cumas na heagraíochta, a d'fheabhsaigh cáilíocht na seirbhíse, agus a d'infheistigh inár ndaoine agus inár bhfoirne.

### Ráiteas Straitéise: Deich mBliana Tionchair, Todhchaí na hOibre Cóir agus an Chomhionannais

Thosaigh an bhliain le comhairleoireacht sheachtrach a fhostú chun Athbhreithniú ar Éifeachtacht agus Éifeachtúlacht Eagraíochtúil a dhéanamh. Ba é raon feidhme an Athbhreithnithe deiseanna agus réimsí a aithint inar féidir feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus ar éifeachtacht, ag tacú leis an WRC a shainordú a chomhlíonadh agus a chumas leanúint de sheirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar don phobal de réir mar a mhéadaíonn na héilimh ar na seirbhísí sin.

Thug an próiseas rannpháirtíochta seo cuntas cuimsitheach do na comhairleoirí ar sheachadadh reatha na seirbhísí, ag tarraingt aird ar na brúnna a bhíonn orthu agus na deiseanna le haghaidh claochlaithe amach anseo.

Leag an próiseas béim freisin ar na tionscnaimh feabhsúcháin iomadúla a bhí ar bun cheana féin agus an fonn soiléir ar athrú. Bhí sé soiléir freisin i dtorthaí an Athbhreithnithe go bhfuil tiomantas láidir don tseirbhís phoiblí le feiceáil ar fud gach Rannán den WRC. D'ainneoin an mhéid thuas, sainaithníodh roinnt réimsí eile le haghaidh feabhsúcháin chun tacú le céad chéim forbartha eile an WRC.

Shainaithin an tAthbhreithniú roinnt gníomhartha tosaíochta, agus an gá le hathbhreithniú mionsonraithe ar phróisis ghnó ina measc, agus eisíodh iarratas ar thairiscint i mí na Nollag 2025. Dheimhnigh an tAthbhreithniú treo straitéiseach an WRC freisin, go háirithe maidir le forbairt a Straitéise Digití trí bliana agus a thionscnaimh chun athléimneacht an lucht saothair agus cultúr eagraíochtúil a neartú trí thógáil ar a éiteas láidir seirbhíse.

Chruthaigh an t-athbhreithniú seo, mar aon leis na coinní foirne a tionóladh i bhfómhar na bliana 2024, fís shoiléir agus cuspóirí uaillmhianacha, agus ar deireadh thiar foilsíodh ceathrú Ráiteas Straitéise an WRC, "Deich mBliana Tionchair, Todhchaí na hOibre Cóir agus an Chomhionannais." Is mó ná treochlár an straitéis seo—is ionann í agus tiomantas athnuaite dóibh siúd a bhfreastalaímid orthu agus don fhoireann tiomanta laistigh den WRC. Leagann sí amach clár oibre ceannasach don chéad trí bliana eile, ag cinntiú go bhfanfaidh cothroime, comhionannas agus nuálaíocht i gcroílár ár gcuid oibre.

## Luachanna a Spreagann Sármhaitheas Iompraíochta

Le linn don Ráiteas Straitéise a bheith á cheapadh, thapaigh an WRC an deis chun athbhreithniú agus leasú a dhéanamh ar a luachanna le cinntiú go ndearnadh iad a athnuachan agus a athbheochan chun tacú leis na tosaíochtaí straitéiseacha atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise.

Chun na luachanna a thabhairt chun beatha i saol oibre laethúil, cruthaíodh agus seoladh an chéad Chlár Aitheantais Luachanna de chuid an WRC i mí Iúil 2025. Dearadh an tionscnamh seo chun luachanna eagraíochtúla a leabú i gcleachtas laethúil agus chun daoine aonair agus foirne a léiríonn na luachanna seo go seasta ina gcuid oibre agus ina n-idirghníomhaíochtaí a cheiliúradh. Trí chultúr aitheantais a chothú, neartaíonn an clár ár dtiomantas don sármhaitheas, don chomhoibriú agus don ionracas ar fud gach leibhéal den eagraíocht.

## Comhdháil Foirne agus Páirtithe Leasmhara agus Cruinniú Mullaigh na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta um Chaidreamh Tionsclaíoch

October Rinneadh comóradh ar ócáid thábhachtach shuntasach i mí Dheireadh Fómhair le himeacht trí lá a léirigh misean agus luachanna an WRC i mbun gnímh. Chuir an t-imeacht foirne ar an 1 Deireadh Fómhair comhoibriú agus rannpháirtíocht chun cinn trí ghníomhaíochtaí foirne, seisiúin chomhroinnte eolais, agus plé painéil a léirigh saineolas agus dúthracht ár lucht saothair. Ba phríomhbhuaicphointe é toscairí a óstáil ó Chruinniú Mullaigh na nGníomhaireachtaí Idirnáisiúnta um Chaidreamh Tionsclaíoch agus caidreamh a dhéanamh le breis agus 170 páirtí leasmhar ón rialtas, ó fhostóirí, ó cheardchumainn agus ó pháirtithe leasmhara eile. Le chéile, rinne na freastalaithe machnamh ar dheich mbliana de ghnóthachtálacha agus phléigh siad tosaíochtaí don todhchaí. Bhí cur i láthair ilmheán, a raibh tionchar acu, ag an ócáid—*An tAm atá Caite, An Lá Inniu, agus An Todhchaí*—agus taispeántais rannóige a d'inis scéal an WRC agus a réamhtheachtaithe, agus ag an am céanna ag ceiliúradh an obair eisceachtúil atá á déanamh inniu agus an fhís do na blianta amach romhainn.

## Bunú an Rannán Eolais, Faisnéise agus Comhairleach

In 2025 freisin, bunaíodh Roinn nua den WRC, an Rannán Eolais, Faisnéise agus Comhairleach (KIA) agus ceapadh a Stiúrthóir. Is é príomhchuspóir na Roinne KIA ná díospóidí san ionad oibre a chosc trí rannpháirtíocht le fostóirí, fostaithe agus a n-ionadaithe agus tuiscint níos fearr a fhorbairt ar chearta agus freagrachtaí fostaíochta i gcoitinne. Bainfear é seo amach den chuid is mó trí sheirbhísí faisnéise, oideachais, for-rochtana agus comhairleacha a sholáthar.

## Feabhsú Leanúnach

Ag teacht leis an Ráiteas Straitéise i gcomhthéacs acmhainn inmheánach a thógáil agus taithí an úsáideora a fheabhsú, bunaíodh Oifig um Fheabhsú Leanúnach (CIO) laistigh den Rannán Seirbhísí Corparáideacha. Tá an CIO freagrach as straitéisí éifeachtúlachta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, cleachtais ghnó a anailísiú agus modhanna agus teicnící feabhsúcháin nuálacha a mholadh chun próisis a shruthlíniú, éifeachtúlacht a fheabhsú agus nuálaíocht a chothú ar fud an WRC.

Tabharfaidh Tuarascáil Bhliantúil 2025, a fhoilseofar sa chéad leath de 2026, sonraí níos láidre faoi sheachadadh seirbhísí agus faoi phríomhghnóthachtálacha i ngach réimse den WRC.

An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre
Workplace Relations Commission

# 3. Ár bhFís agus Ár Luachanna

Samhlaímid sochaí ina gcoinnítear caighdeáin fostaíochta agus chomhionannais do chách trí sheirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar.

### Iontaoibh agus Ionracas

Táimid macánta, iontaofa, trédhearcach agus comhsheasmhach inár n-idirghníomhaíochtaí go léir lenár bpáirtithe leasmhara agus lena chéile. Déanaimid ár ndícheall an rud ceart a dhéanamh agus muid féin a choinneáil cuntasach.

### Neamhspleáchas agus Neamhchlaontacht

Comhlíonaimid ár bhfeidhmeanna go neamhspleách. Gníomhóimid i gcónaí le neodracht maidir le seachadadh ár seirbhísí agus déanfaimid ár ndícheall aon chlaontacht a sheiceáil.

### Éifeachtúlacht agus Nuálaíocht

Cruthóimid smaointe nua go leanúnach, roinnfimid ár saineolas agus feabhsóimid éifeachtúlacht ár seachadta seirbhíse dá réir.

### Comhionannas agus Cothroime

Tacaímid le luachanna an chomhionannais agus na cothroime agus déanaimid ár ndícheall ionad oibre a chur ar fáil inar féidir lenár ndaoine a bheith rathúil. Cuirimid comhionannas agus inrochtaineacht chun cinn ar fud ár seirbhísí.

# 4. Príomh-Uaillmhianta Straitéiseacha

Bainfidh an CCÁO ár n-uaillmhianta amach trínár bhfeidhmeanna reachtúla lárnacha a chomhlíonadh go comhsheasmhach, agus ag an am céanna leanfaimid orainn ár seirbhísí a fhorbairt agus a fheabhsú i dtreo ár bhfíse, faoi threoir na gceithre cholún straitéiseacha atá leagtha amach inár Ráiteas Straitéise.

## Príomh-Uaillmhianta Straitéiseacha an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre 2025-2027

- Rochtain ar ár seirbhísí a mhéadú do chách
- Comhlíonadh a neartú in earnálacha ardriosca
- Éifeachtúlachtaí a fheabhsú ar fud ár seirbhísí uile
- Eagraíocht nua-aimseartha, oiriúnaitheach agus solúbtha atá bunaithe ar shonraí a thógáil
- Ár seasmhacht a neartú agus cur lenár gcultúr dearfach
- An Rannán Eolais, Faisnéise & Comhairleach a sheoladh agus a leabú
- Réiteach atá dírithe ar na húsáideoirí seirbhíse seachas réitigh fhorchurtha a chumhachtú

Is iad na Colúin Straitéiseacha atá leagtha amach thíos na príomhghnéithe fócais chun ár bhfís fhadtéarmach agus ár n-uaillmhian straitéiseach a bhaint amach.

Tá ár bpríomhuaillmhianta straitéiseacha mar bhonn lenár gcolúin straitéiseacha a shainiú, agus cinntítear leo go dtacaíonn gach colún go díreach lenár spriocanna foriomlána agus go spreagtar dul chun cinn inbhuanaithe, ailínithe.

### Colúin Straitéiseacha



# 5. Ár Straitéis a Bhaint Amach Clár 2026

Is é príomhchuspóir an CCÁO ná caidreamh san ionad oibre a chur chun cinn agus a neartú trí chaighdeáin a choinneáil agus a fheabhsú, tacú le páirtithe agus iad ag réiteach díospóidí, a chinntiú go gcomhlíontar oibleagáidí reachtúla fostaíochta, agus breithiúnas a thabhairt ar chúrsaí a bhaineann le fostaíocht, caidreamh tionsclaíoch, comhionannas, agus líomhaintí idirdhealaithe i seachadadh seirbhísí.

Leis an misean sin a bhaint amach, is é príomhfhócas an CCÁO in 2026 freastal ar riachtanais na bpáirtithe leasmhara agus úsáideoirí seirbhísí trí thorthaí ardchaighdeáin, neamhspleácha agus cothroma a sheachadadh. Tá forbhreathnú ar ár bpríomhsheirbhísí agus ar ár bhfeidhmeanna reachtúla le fáil ar an leathanach seo a leanas.



# Ár gCuspóir

Is iad seo a leanas feidhmeanna an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre (CCÁO):

- breithiúnas a thabhairt ar ghearáin agus ar dhíospóidí fostaíochta agus comhionannais idir-réiteach, idirghabháil
- réamhbhreithnithe agus seirbhísí deonacha eile maidir le díospóidí a réiteach a sholáthar chun cabhrú le díospóidí aonair agus comhchoiteanna a réiteach agus síocháin thionsclaíoch a choinneáil
- monatóireacht a dhéanamh ar dhálaí fostaíochta chun a chinntiú go gcomhlíontar agus (nuair is gá) go bhforfheidhmítear reachtaíocht um chearta fostaíochta
- faisnéis a sholáthar faoi reachtaíocht fostaíochta, agus ceadúnais gníomhaireachtaí fostaíochta agus cosanta daoine óga (fostaíocht) a phróiseáil
- seirbhísí comhairleacha a sholáthar d'fhostóirí, d'fhostaithe agus dá n-ionadaithe

Áirítear leis na feidhmeanna breise a leagtar amach in alt 11 (1) den Acht um Chaidreamh san Áit Oibre 2015:

a) feabhsú an chaidrimh san áit oibre a chur chun cinn, agus dea-chaidreamh san áit oibre a chothabháil,

b) comhlíonadh achtachán ábhartha a chur chun cinn agus a spreagadh,

treoir a sholáthar maidir le comhlíonadh cód cleachtais atá ceadaithe faoi Alt 20 den Acht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015,

d) athbhreithnithe agus monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí maidir le caidreamh san ionad oibre,

e) taighde a dhéanamh nó a choimisiúnú ar chúrsaí a bhaineann le caidreamh san áit oibre,

f) comhairle, faisnéis agus torthaí taighde arna ndéanamh ag an gCoimisiún a sholáthar do chomhchoistí saothair agus do chomhchomhairlí tionscail,

g) comhairle agus eolas a thabhairt don Aire maidir le cur i bhfeidhm agus comhlíonadh achtachán ábhartha, aguh)

h) faisnéis a sholáthar do bhaill den phobal i ndáil le fostaíocht

Leanfaidh Cláraitheoir an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre (CCÁO) agus tacaíocht á fáil aige/aici ón Rannán Dlí mar aon leis an Rannán Seirbhísí Corparáideacha, de bheith ag tacú le feidhmeanna reachtúla an CCÁO trí chomhlíonadh dlí a chosaint, creatlacha rialachais a neartú agus éifeachtúlacht oibríochtúil a spreagadh. Trí chomhairle dlí shaineolach a thabhairt don Ard-Stiúrthóir agus don Fhoireann Ceannaireachta Shinsearach, trí rialachas corparáideach láidir, agus trí sheirbhísí riaracháin sruthlínithe, cinntítear sna rannóga sin go gcomhlíonann an CCÁO a phríomhchuspóir le hionracas, trédhearcacht, agus leis na caighdeáin seirbhíse is airde do na geallsealbhóirí uile.

Trí thógáil ar na feidhmeanna lárnacha sin, leagadh amach leis na tosaíochtaí straitéiseacha atá achoimrithe i Ráiteas Straitéise 2025-2027 an treo chun torthaí níos leithne a bhaint amach agus chun a chinntiú go mbíonn an tionchar is mó is féidir ag ár gcuid oibre. Tá na príomhthosaíochtaí straitéiseacha do 2026 leagtha amach thíos, agus tá siad nasctha go dlúth leis na colúin straitéiseacha ar leathanach 7.



## Comhlíonadh Cosanta Ceart & Forfheidhmiú

Cuspóir: Cearta fostaíochta a chosaint trí chigireachtaí, forfheidhmiú agus tacaíocht chomhlíontachta.

Sa bhliain 2026, déanfaimid na nithe seo:

- **Clár cigireachtaí san ionad oibre a sheachadadh**
  - Feabhas a chur ar an tsamhail chigireachta reatha atá bunaithe ar riosca chun díriú níos fearr ar -fhostóirí neamhchomhlíontacha
  - Feachtais chigireachta spriocdhírithe a reáchtáil in earnálacha agus i réimsí spéise, le tacaíocht ón rannán Eolais, Faisnéise agus Comhairleach (EFC)
  - Úsáid níos fearr a bhaint as Fógraí Íocaíochta Seasta le haghaidh córas cigireachta níos éifeachtaí i gcomhoibriú le RFTF
- **Leanúint ar aghaidh de chinntiú go bhfuil an Chigireacht lánfhoirnithe**
  - I gcomhar le Neart Eagraíochtúil & Éabhlóid Straitéiseach, dul i mbun oibre le RFTF agus publicjobs.ie chun samhail earcaíochta a roghnú atá oiriúnach do riachtanais an cholúin um Chomhlíonadh Cosanta Ceart & Forfheidhmiú
  - Tacú le forbairt conairí gairme d'fhoireann an CCÁO
  - A chinntiú go dtacaítear le cigirí chun a dheimhniú go seachadtar seirbhís ardchaighdeáin ar fud na réigiún uile
- **Seirbhís ardchaighdeáin a sheachadadh go cothrom ar fud na réigiún uile**
  - A chinntiú go bhfuil na cigirí uile oilte go hiomlán agus go bhfuil siad in ann a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh
  - Athbhreithniú a dhéanamh ar nósanna imeachta agus uirlisí digiteacha atá ríthábhachtach d'obair na Rannóige Cigireachta agus Forfheidhmithe (RCF)
  - A chinntiú go gcuirtear nuashonruithe ar fáil maidir le hathruithe ar reachtaíocht agus faisnéis ábhartha eile agus go mbainfear leas as saineolas sheirbhísí dlí an CCÁO.
  - Sa bhliain 2026, comhoibreoidh RCF freisin ar dhréachtú reachtaíochta, oiliúint agus forfheidhmiú reachtaíochta nuaí agus le déanaí – don RCF agus don CCÁO i gcoitinne araon.
- **Leanúint ar aghaidh ag obair agus ag comhordú leis an Údarás Eorpach Saothair (ÚES)**
  - Chun líon na CCCanna (Cigireachtaí Comhbheartaithe agus Comhpháirteacha) a bhaineann le Ballstáit eile a mhéadú
  - Leanúint de leas a bhaint as an oiliúint, as an bhfaisnéis agus as an bhforbairt acmhainní a chuireann an ÚES ar fáil
- **Faisnéis neamhthreorach a sholáthar maidir le gníomhaíochtaí CCÁO go ginearálta, reachtaíocht fostaíochta agus meicníochtaí sásaimh trí fhormáidí seachadta éagsúla:**
  - Freagra inrochtana ar ardchaighdeán, dírithe ar an gcustaiméir a sholáthar ar fhiosrúcháin maidir le cearta fostaíochta ar an teileafón, ar an ríomhphost, ar an bpost bán agus eile.
  - Úsáid a bhaint as ardáin na meán sóisialta chun feasacht a mhúscailt maidir le seirbhísí an CCÁO, meicníochtaí sásaimh agus comhlíonadh le cearta agus oibleagáidí fostaíochta i gcoitinne.
  - Feachtais a thionscnamh agus a sheachadadh atá dírithe ar fheasacht ar sheirbhísí CCÁO a mhéadú agus faisnéis a sholáthar maidir le hathruithe ar reachtaíocht nó forbairtí reachtacha nua.

## Réiteach Díospóidí Inrochtana, Cothrom agus Neamhchlaonta

Cuspóir: Seirbhísí réitigh éifeachtacha, neamhchlaonta agus atá dírithe ar dhaoine a sholáthar.

Sa bhliain 2026, déanfaimid na nithe seo:

- **Feabhas a chur ar sheachadadh seirbhísí agus ar athléimneacht oibríochtúil**
  - Cumas anailísíochta sonraí a fhorbairt chun struchtúr a chur ar shonraí a bhaineann le breithniú, agus caighdeánú a dhéanamh orthu, rud lena gcumasaítear príomhtháscairí feidhmíochta a úsáid go héifeachtach chun cinntí bainistíochta a threorú, monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht, agus treochtaí a réamh-mheas
  - Sreafaí oibre a athdhearadh agus a shruthlíniú chun éifeachtúlacht breithnithe a bharrfheabhsú agus castacht a laghdú.
  - Feachtas earcaíochta Oifigeach Breithniúcháin (OB) seachtrach a chur i gcrích chun freastal ar an éileamh méadaitheach le haghaidh seirbhísí breithnithe agus aghaidh a thabhairt ar laghdú ar an bhfoireann OB

- **Creatlacha dlíthiúla agus nóis imeachta a chur chun cinn:**
  - Dul i mbun oibre leis an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta le haghaidh athrú reachtaíochta a bhaint amach lena gceanglófaí go gcuirfí aighneachtaí isteach roimh éisteachtaí, rud a d'fheabhsódh ullmhacht agus cáilíocht cásanna.
  - Dul i dteagmháil leis an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta agus le ranna rialtais ábhartha maidir le leasuithe reachtaíochta féideartha a mbeadh tionchar acu ar obair an CCÁO.
  - Iniúchadh a dhéanamh ar an deis teicneolaíocht Taifeadta Fuaime Dhigitigh a úsáid faoi fhorálacha dlíthiúla chun trédhearcacht a neartú

- **Cáilíocht bhreithnithe a fheabhsú agus bealaí réitigh comhoibríocha a chomhtháthú**
  - Comhoibriú leis an Rannán Dlí chun creat foghlama leanúnaí a bhuanú a bhfuil comhroinnt eolais struchtúrtha, nuashonruithe fasach, agus fóraim Oifigeach Breithniúcháin mar chuid de trína spreagtar feabhas agus comhsheasmhacht a chur chun cinn i gcinnteoireacht
  - Comhoibriú leis an Rannán Seirbhísí Idir-réitigh, Éascaithe agus Idirghabhála chun tacú le hidirghabháil réamhbhreithnithe mar chuid lárnach den éiceachóras réitigh díospóidí

- **Cláir oideachais agus cláir roinnte eolais san ionad oibre a chur ar fáil:**
  - Creatlacha comhpháirtíochta nua a fhorbairt agus a chothú le grúpaí abhcóideachta agus geallsealbhóirí tábhachtacha chun feasacht agus comhlíonadh reachtaíochta maidir le caidreamh tionsclaíoch agus cearta fostaíochta a fheabhsú.
  - Seachadadh tionscnamh feabhsaithe simpliúcháin chun raon feidhme agus tionchar fhor-rochtain, oideachas agus oiliúint an CCÁO a leathnú, lena n-áirítear forbairt agus optamú seimineár gréasáin, podchraoltaí, agus tairseach chuimsitheach foghlama ar líne á hóstáil ar shuíomh gréasáin an CCÁO.
  - Comhoibriú leis an RFTF nuair is gá maidir leis an bPlean Gníomhaíochta chun Cómhargáil a Chur Chun Cinn
  - Taighde nua a fhoilsiú i ndáil le hidirghabháil réamhbhreithnithe ag an CCÁO
  - Uasmhéadú a dhéanamh ar sheachadadh seirbhíse idirghabhála réamhbhreithnithe trí athléimneacht oibríochtúil a fheabhsú
  - Feabhsú agus simpliú a dhéanamh ar shíniú leictreonach comhaontuithe idirghafa trí réitigh nua teicneolaíochta
  - Dul i mbun oibre le geallsealbhóirí ábhartha chun a chinntiú go bhfuil líon foirne cuí i bhfeidhm agus súil le héilimh ar an tseirbhís i réimse an chaidrimh thionsclaíoch, go háirithe i ndáil le cainteanna seirbhíse poiblí.

## Cumhachtú Trí Oideachas & Rannpháirtíocht

Cuspóir: Fostaithe, fostóirí agus an pobal a inniúlú leis an eolas chun cearta a chosaint agus chun na sásraí atá ar fáil chun fadhbanna a réiteach go luath.

Sa bhliain 2026, déanfaimid na nithe seo:

- **An Rannán Eolais, Faisnéise agus Comhairleach (EFC) nua a leabú agus a chomhdhlúthú laistigh de struchtúir an CCÁO:**

- Plean straitéiseach a chur i bhfeidhm chun maoirseacht agus bainistiú a dhéanamh ar bhunú agus ar chomhtháthú Rannán EFC laistigh de struchtúir an CCÁO,
- An t-aonad gnó nua um Fhorbairt Eolais agus Seirbhísí For-rochtana laistigh den Rannán a bhunú agus acmhainní a chur ar fáil dó.

- **Straitéis For-rochtana & Oideachais nua atá ailínithe go hiomlán a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm don CCÁO agus fócas ar ghrúpaí leochaileacha sa tsochaí:**

- Comhairliúchán poiblí a dhéanamh le geallsealbhóirí chun eolas a chur ar fáil don Straitéis For-rochtana & Oideachais nua,
- Straitéisí cumarsáide éifeachtacha agus simplithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun gníomhaíochtaí For-rochtana an CCÁO a fheabhsú,
- Cláir oideachais, oiliúna, for-rochtana agus comhroinnte eolais san ionad oibre a fhorbairt agus a sheachadadh chun feasacht agus comhlíonadh reachtaíochta maidir le caidreamh tionsclaíoch agus cearta fostaíochta a fheabhsú,
- Seachadadh feabhsaithe ar fhor-rochtain, oideachas agus oiliúint trí mhodhanna gréasánbhunaithe agus cianda (lena n-áirítear seimineáir ghréasáin, podchraoltaí agus an tairseach foghlama ar líne ar shuíomh gréasáin an CCÁO)

- **Straitéis Rannpháirtíochta agus Chumarsáide do Pháirtithe Leasmhara a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun na príomhphrionsabail a bhaineann le cur chuige an CCÁO i leith rannpháirtíocht páirtithe leasmhara a bhunú:**

- Feabhsú a dhéanamh ar fhóraim rannpháirtíochta geallsealbhóirí de chuid an CCÁO atá ann cheana féin chun rannpháirtíocht le geallsealbhóirí tábhachtacha a neartú, lena n-áirítear grúpaí leochaileacha (e.g. daoine faoi mhíchumas agus oibrithe imirceacha)
- Comhoibriú le gníomhaireachtaí idirnáisiúnta ar réimsí leasa choitinn (amhail ÚES, EIS etc.)
- Caidrimh a chothú agus a leathnú le geallsealbhóirí/comhpháirtithe (amhail an Mol Náisiúnta Fiontraíochta agus OFÁanna).

- **Athbhreithniú a thionscnamh ar chuid de na Cóid Chleachtais sheanbhunaithe lena n-áirítear:**

- Athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar an gCód Cleachtais maidir le hOibriú Níos Faide tar éis achtú an Bhille Fostaíochta (Aoiseanna Scoir Conarthacha) 2025 i gcomhairle le geallsealbhóirí.

- **Soláthar Seirbhísí Comhairleacha chun dea-chleachtas san ionad oibre a chur chun cinn trí chúnamh a thabhairt d'eagraíochtaí, agus comhairle a chur orthu, i ngach gné de chaidreamh tionsclaíoch san ionad oibre:**

- Feabhas a chur ar chaidreamh san ionad oibre atá sainiúil don suíomh trí athbhreithnithe a dhéanamh ar chleachtais agus nósanna imeachta caidrimh thionsclaíoch laistigh d'eagraíochtaí agus cathaoirleacht a dhéanamh ar chómheithleacha oibre
- Cláir oideachais agus comhroinnte eolais san ionad oibre a chur ar fáil chun prionsabail dhearfacha caidrimh thionsclaíoch agus caidrimh oibre a chur chun cinn trí cheardlanna éascaitheacha d'fhostaithe agus d'fhostóirí
- Comhoibriú le rannóga inmheánacha an CCÁO chun léargais agus anailís a bhailiú a chuirfidh eolas ar fáil maidir le riachtanais chomhairleacha a aithint agus tosaíocht a thabhairt dóibh ar fud an lucht saothair

- **Forbairt ar bhailiú sonraí feabhsaithe chun tacú le margadh saothair na todhchaí:**

- Úsáid sonraí ón áis bota comhrá ar stór faisnéise SFC (Seirbhísí Faisnéise agus Custaiméara) chun eolas a chur ar fáil do chláir faisnéise, oideachais agus for-rochtana.
- Monatóireacht agus anailís a dhéanamh ar threochtaí ceart fostaíochta agus caidrimh thionsclaíoch trí úsáid a bhaint as léargais sonraí CCÁO.

## Neart Eagraíochtúil & Éabhlóid Straitéiseach

Cuspóir: Cumas inmheánach a thógáil chun ár n-uaillmhian a bhaint amach agus oiriúnú don athrú riachtanas agus úsáid á baint as cuir chuige bunaithe ar fhianaise atá treoraithe ag sonraí.

Sa bhliain 2026, déanfaimid na nithe seo:

- **Tosú ag obair ar an tionscadal ilbhliantúil chun sraith Athbhreithnithe Próiseas Gnó a dhéanamh ar phríomhréimsí próisis ar fud ár réimsí oibríochtúla chun feabhas a chur ar eispéireas an úsáideora**

- Príomhthorthaí ón athbhreithniú a shainaithint
- Anailís a dhéanamh ar riachtanais bhuiséid agus ar impleachtaí acmhainní roimh an iarratas ar bhuiséad 2027
- Na príomh-mholtaí a chur i bhfeidhm ar bhonn céimnithe

- **Straitéis Dhigiteach 3 bliana an CCÁO a fhorbairt agus a sheoladh**

- An BCC a uasghrádú ó leagan 8.2 go leagan 9.1
- Uirlis oiliúna foirne a dhearadh agus a chur i bhfeidhm agus úsáid á baint as intleacht saorga (IS)
- Tuilleadh feabhais a chur ar ár gcóras bainistíochta cásanna chun éifeachtúlachtaí a mhéadú go hinmheánach d'fhonn na chéad chéimeanna eile inár ndigitiú a iniúchadh chun feabhas a chur ar eispéireas an chustaiméara.

- **'Ár VIBE' – Luachanna a Spreagann Sármhaitheas Iompraíochta – Clár Luachanna agus Aitheantais a leabú**

- Seoladh chéim 2 den chlár VIBE chun idirghníomhaíochtaí rialta aitheantais luachanna a sholáthar
- Seoladh an fhíseáin chun Ainmnithe agus Buaiteoirí 2025 a cheiliúradh.

- **Mapáil a dhéanamh ar láidreachtaí an lucht saothair agus eolaire scileanna a chruthú chun tacú le fás agus forbairt chun freastal ar riachtanais amach anseo**

- Róil ríthábhachtacha agus riachtanais scileanna atá ag teacht chun cinn a shainaithint bunaithe ar riachtanais ghnó amach anseo
- An t-eolaire scileanna a chomhtháthú leis an bPlean Forbartha Fórsa Saothair agus le timthriall an CBFF (Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta)
- An t-eolaire a nuashonrú go rialta chun fostú nua, ardú céime agus oiliúint atá críochnaithe a léiriú

- **Clár Forbartha Fórsa Saothair don CCÁO a fhorbairt "Creat Fórsa Saothair, Ullmhachta agus Cumais"**

- Clár Tacaíochtaí Foirne CCÁO a chruthú a bheidh ina ghné den Chlár Forbartha Fórsa Saothair
- Clár scileanna agus foghlama a scrúdú agus a dhearadh bunaithe ar anailís ar an mbearna scileanna
- Conairí gairme soiléire a dhearadh agus comhoibriú le Roinn Acmhainní Daonna RFTF chun pleanáil straitéiseach comharbais a chinntiú

- **Agus úsáid á baint as critéir SICRU (Sonrach, Intomhaiste, Comhaontaithe, Réalaíoch, Uainithe) príomhtháscairí feidhmíochta soiléire a shocrú agus comhaontú ar conas a thomhaisfear spriocanna**

- An buiséad, na hacmhainní foirne agus uirlisí agus córais tacaíochta a dheimhniú chun spriocanna a chinntiú atá réalaíoch
- Rioscaí a aithint
- A chinntiú go bhfuil gach príomhtháscaire feidhmíochta agus sprioc ag cur go díreach le torthaí gnó agus feabhsuithe seirbhíse

# 6. Monatóireacht agus Tuairisciú

## Monatóireacht agus Tuairisciú

✓ Déanfaimid monatóireacht ar an gclár seo trí bhearta soiléire aschuir agus torthaí chun a chinntiú go gcomhlíonfar ár ngealltanais. Déanfar rianú ar dhul chun cinn le hathbhreithnithe rialta, agus sainaithneofar deiseanna feabhsúcháin.

✓ In Tuarascáil Bhliantúil 2027 dár gcuid, déanfar meastóireacht ar chlár na bliana, léireofar éachtaí agus an dul chun cinn i dtreo cuspóirí straitéiseacha fadtéarmacha. Déanfar fís an CCÁO a bhaint amach thar chláir oibre bhliantúla chomhleanúnacha i rith thréimhse straitéise 2025–2027 agus ina diaidh.

✓ Chun dul chun cinn a rianú, bunóimid bearta feidhmíochta ardleibhéil agus táscairí tábhachtacha a léiríonn go soiléir seachadadh i gcoinne tosaíochtaí straitéiseacha agus an tionchar dearfach a baineadh amach i seachadadh seirbhísí.

# 7. Clár Oibre Bliantúil 2026 Plean Gníomhaíochta

## Comhlíonadh Cosanta Ceart & Forfheidhmiú

### Cearta fostaíochta a chosaint trí chigireachtaí, forfheidhmiú agus tacaíocht chomhlíontachta

| Cuspóirí Straitéiseacha | Príomhghníomhaíochtaí | Aonaid Fhreagracha | Amlíne | Príomhtháscairí Feidhmíochta |
|---|---|---|---|---|
| Straitéisí cigireachta réamhghníomhacha bunaithe ar riosca | Cigireachtaí bunaithe ar riosca agus ar ghearáin a dhéanamh, le comhlachtaí Stáit eile nuair is cuí | RCF | 2026 | 4,500 cás cigireachta san ionad oibre tugtha chun críche<br>44% Neamhchomhlíonadh |
| | Imeachtaí dlíthiúla a thionscnamh i gcás ina nochtar sáruithe ar Chearta Fostaíochta agus ar Fhostaíocht | RCF | 2026 | Breithneofar gach cás neamhchomhlíonta le haghaidh caingean dlí |
| | Fógraí Comhlíontachta (de réir mar is infheidhme) agus Íocaíochta Seasta a eisiúint agus a phróiseáil agus achomhairc ar Fhógraí Comhlíontachta a chosaint | RCF | 2026 | Cinnteoidh RCF go leanfaidh Fógraí Pionóis Sheasta agus Fógraí Comhlíontachta de bheith ina ndíspreagadh ar neamhchomhlíonadh, rud lena gcinnteofar nach n-eisítear fógraí dlíthiúla ach amháin i gcásanna soiléire neamhchomhlíonta |

| Cuspóirí an Chláir Oibre | Príomhghníomhaíochtaí | Aonaid Fhreagracha | Amlíne | Príomhtháscairí Feidhmíochta |
|---|---|---|---|---|
| Díriú dírithe ar fhostóirí, earnálacha, réigiúin neamhchomhlíontacha | Feachtais Chigireachta spriocdhírithe a reáchtáil in earnálacha, agus beidh siad ar siúl sna réimsí seo:<br>• Pá Íosta Náisiúnta<br>• Talmhaíocht<br>• EMPACT ÚES<br>• Tacaíocht chigireachta chun teagmháil a dhéanamh le pobal Údarás Saothair Eorpach (ÚES) na Rómáine agus na Moldóive<br>• Iompar<br>• Tithe cúraim<br>• Seachtain ghníomhaíochta ÚES ar obair neamhdhearbhaithe<br>• Monatóireacht leanúnach ar iascach<br>• Obair Shealadach<br>• Obair Tí | RCF | 2026 | 50% de spriocanna feachtasaíochta neamhchomhlíontach |
| Dámhachtainí a eascraíonn as breitheanna breithnithe agus imeachtaí na Cúirte Oibreachais a fhorfheidhmiú | Forfheidhmiú sibhialta a lorg ar chinntí agus ar dhámhachtainí a eascraíonn as cinntí Oifigeach Breithniúcháin agus na Cúirte Oibreachais i ndáil le breithniú | RCF | 2026 | Cinntí agus dámhachtainí á lorg ar bhealach a uasmhéadaíonn éifeachtúlacht agus éifeachtacht faoi réir na n-acmhainní atá ar fáil |

| Cuspóirí an Chláir Oibre | Príomhghníomhaíochtaí | Aonaid Fhreagracha | Amlíne | Príomhtháscairí Feidhmíochta |
|---|---|---|---|---|
| Ceadúnais a eisiúint agus reachtaíocht a fhorfheidhmiú maidir le Gníomhaireachtaí Fostaíochta agus fostú Daoine Óga | Ceadúnais próiseáilte agus eisithe ar bhealach éifeachtúil dleathach | RCF | 2026 | Iarratais próiseáilte laistigh de 21 lá ón dáta a fhaightear iad |
| Comhoibriú le gníomhaireachtaí forfheidhmithe eile | Meabhráin Tuisceana (MTanna) a athbhreithniú lena chinntiú go bhfuil siad ar marthain, bailí agus ag cloí le ceanglais RGCS | RCF | 2026 | Athbhreithniú agus athnuachan, i gcás inarb iomchuí, ar gach Meabhrán Tuisceana reatha |
| Comhoibriú le gníomhaireachtaí idirnáisiúnta ar réimsí leasa choitinn | Oibriú le comhpháirtithe amhail an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair, an tÚdarás Eorpach Saothair, an tArdán Eorpach um Obair Neamhdhearbhaithe, EUROPOL | RCF | 2026 | Freastalóidh RCF ar gach seisiún iomlánach i gcás ina n-ainmneofar iad mar chomhalta/thoscaire/ shaineolaí Éireannach, agus cuirfidh siad cúnamh cuí ar fáil do chláir |
| Dul i mbun oibre go gníomhach le fostóirí chun comhlíonadh deonach reachtaíochta a chur chun cinn sula gcuirtear i bhfeidhm í | Faisnéis neamhtreorach a sholáthar maidir le gníomhaíochtaí CCÁO go ginearálta, reachtaíocht fostaíochta agus meicníochtaí sásaimh trí fhormáidí seachadta éagsúla | EFC | 2026 | 90% de na fiosrúcháin teileafóin á láimhseáil ag an gcéad teagmháil<br><br>Feasacht mhéadaithe ar sheirbhísí agus ar fhaisnéis an CCÁO, arna monatóiriú trí anailísíocht láithreáin ghréasáin, taispeáintí agus rannpháirtíocht meán sóisialta, éileamh ar acmhainní faisnéise, rannpháirtíocht in imeachtaí for-rochtana, agus suirbhéanna tréimhsiúla feasachta geallsealbhóirí/an phobail<br><br>Iarratais próiseáilte laistigh de 21 lá ón dáta a fhaightear iad |

# Réiteach Díospóidí Inrochtana, Cothrom agus Neamhchlaonta

## Seirbhísí réitigh éifeachtacha, neamhchlaonta atá dírithe ar dhaoine a sholáthar.

| Cuspóirí Straitéiseacha | Príomhghníomhaíochtaí | Aonaid Fhreagracha | Amlíne | Príomhtháscairí Feidhmíochta |
|---|---|---|---|---|
| Seirbhís idir-réitigh thráthúil, éifeachtach agus feidhmiúil a sholáthar agus a chinntiú go gcomhlíontar an t-éileamh agus seachadadh na seirbhísí go léir á gcothabháil ag an am céanna | Idir-réiteach a sholáthar i dtréimhse ama iomchuí chun réiteach díospóidí caidrimh thionsclaíoch a éascú.<br><br>Dul i mbun oibre go réamhghníomhach le húsáideoirí seirbhíse chun cúnamh a sholáthar maidir le caidreamh dearfach tionsclaíoch agus san ionad oibre a chothabháil | CBAC (Córas Bainistíochta Airgeadais Corparáideach) | Ar feadh 2026 | Freagrófar gach atreorú, agus cuirfear tús leis, laistigh de 3 lá oibre<br><br>Ráta réitigh 80% de chásanna atreoraithe |
| Seirbhís idirghabhála réamhbhreithnithe thráthúil, éifeachtach agus éifeachtúil a sholáthar | Idirghabháil a sholáthar faoi alt 39 den Acht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015 chun réiteach gearán fostaíochta agus comhionannais a éascú gan éisteacht bhreithnithe a bheith ag teastáil | CBAC<br><br>RSB (Rannóg Seirbhísí Breithnithe) | Ar feadh 2026 | Ráta réitigh de 55%<br><br>35% de chásanna athstiúrtha ó bhreithniú (i gcomparáid le cinntí eisithe) |
| Cathaoirleacht a dhéanamh ar fhóraim caidrimh thionsclaíoch agus reachtúla comhaontaithe san earnáil phríobháideach agus phoiblí araon agus iad a éascú | Cathaoirleach a dhéanamh ar fhóraim um chaidreamh tionsclaíoch laistigh den mhinicíocht chomhaontaithe maidir leis na téarmaí tagartha faoi seach. Cabhrú le páirtithe déileáil le gach saincheist de réir nósanna imeachta agus oibríochtaí mar atá leagtha amach i dtéarmaí tagartha comhaontaithe.<br><br>Plé a éascú ar bhealach tráthúil. | CBAC<br><br>EFC | Ar feadh 2026 | Cathaoirleacht ar 100% de na fóraim caidrimh thionsclaíoch agus reachtúla atá bunaithe agus comhaontaithe.<br><br>Freagrófar gach atreorú iarratais nua, agus cuirfear tús leis, laistigh de 3 lá oibre |

| Cuspóirí an Chláir Oibre | Príomhghníomhaíochtaí | Aonaid Fhreagracha | Amlíne | Príomhtháscairí Feidhmíochta |
|---|---|---|---|---|
| Seirbhísí breithnithe éifeachtacha agus tráthúla | Próiseáil éifeachtúil gearán agus iarratas chuig an CCÁO | RSB<br>EFC | Ar feadh 2026 | Gach gearán a gheofar le linn 2026 próiseáilte go feidhmiúil le 90% de na comhaid cruthaithe laistigh de 10 lá oibre agus foláireamh tugtha don fhreagróir<br>Cinntí breithiúnais arna n-eisiúint laistigh de mheán de 40 lá oibre ón éisteacht |
| | Leabófar anailísíocht agus cinnteoireacht atá bunaithe ar Phríomhtháscairí Feidhmíochta chun treochtaí a réamh-mheas agus leithdháileadh acmhainní a bharrfheabhsú | RSB | Ar feadh 2026 | Córas breithnithe atá réidh don todhchaí agus atá solúbtha, éifeachtach agus freagrúil don éileamh |
| | Déanfar athdhearadh ar shreabhadh oibre chun castacht a dhíchur agus réiteach cásanna a bhrostú | RSB | | |
| | Cuirfear feachtas earcaíochta seachtrach OB i gcrích chun cumas breithnithe a neartú agus inbhuanaitheacht a chinntiú | RSB | | |
| | Rachfar i mbun oibre le ranna rialtais chun athchóirithe a bhaint amach lena n-ordaítear aighneachtaí réamhéisteachta, agus tabharfar aghaidh ar thionchair reachtaíochta atá ag teacht chun cinn. | RSB | R1 2026 agus le linn 2026 | Creat reachtaíochta agus nóis imeachta láidir a fheabhsaíonn ullmhacht agus trédhearcacht cásanna. |
| | Déanfar iniúchadh ar réitigh Taifeadta Dhigitigh Fuaime chun trédhearcacht a threisiú i bpróisis bhreithnithe | RSB | R1 2026 agus le linn 2026 | |
| | Leabófar comhroinnt eolais struchtúrtha, nuashonruithe maidir le réamhshamplaí, agus fóraim ghairmiúla chun barr feabhais a spreagadh. | RSB | Ar feadh 2026 | Breithniú comhsheasmhach, ardchaighdeáin arna thacú le conairí réitigh comhtháite |
| | Tacófar le hidirghabháil réamhbhreithnithe mar bhunchloch den éiceachóras réitigh díospóidí. | RSB | Ar feadh 2026 | Tacú le CBAC chun 35% de chásanna a athstiúradh ó bhreithniú (i gcomparáid le cinntí a eisíodh) |

| Cuspóirí an Chláir Oibre | Príomhghníomhaíochtaí | Aonaid Fhreagracha | Amlíne | Príomhtháscairí Feidhmíochta |
|---|---|---|---|---|
| Acmhainní inrochtana a fhorbairt ar fud ilchainéal chun na huirlisí a sholáthar d'úsáideoirí seirbhíse chun coimhlint, gearáin agus díospóidí a íoslaghdú | Seachadadh tionscnamh feabhsaithe inrochtaineachta chun raon feidhme agus tionchar fhor-rochtain, oideachas agus oiliúint an CCÁO a leathnú, lena n-áirítear forbairt agus optamú seimineár gréasáin, podchraoltaí, agus tairseach chuimsitheach foghlama ar líne á hóstáil ar shuíomh gréasáin an CCÁO | Gach Rannán<br>EFC<br>(RSC) Rannóg Seirbhísí Corparáideacha | Ar feadh 2026 | Tionchar dearfach ar chomhlíonadh agus laghdú ar dhíospóidí agus gearáin san ionad oibre |
| Tionscnaimh amhail comhpháirtíochtaí le grúpaí abhcóideachta a phíolótú chun tacú le cláir inrochtaineachta agus úsáid á baint as a léargas ar an turas tríd an CCÁO | Creatlacha comhpháirtíochta nua a fhorbairt agus a chothú le grúpaí abhcóideachta agus geallsealbhóirí tábhachtacha chun feasacht agus comhlíonadh reachtaíochta maidir le caidreamh tionsclaíoch agus cearta fostaíochta a fheabhsú | EFC<br>RSC | Ar feadh 2026 | Rochtain mhéadaithe ar sheirbhísí lárnacha an CCÁO trí chomhpháirtíochtaí neartaithe le grúpaí abhcóideachta agus geallsealbhóirí tábhachtacha, rud as a n-eascróidh feabhsuithe soiléire ar fheasacht ar chearta agus oibleagáidí san ionad oibre agus laghdú intomhaiste ar ghearáin/díospóidí a chuirtear faoi bhráid an CCÁO gach bliain |
| Príomhphróisis a dhoiciméadú ar fud ár réimsí oibríochtúla chun feabhas a chur ar eispéireas an úsáideora | In éineacht leis an gcolún Neart Eagraíochtúil & Éabhlóid Straitéiseach, tosú ag obair ar an tionscadal ilbhliantúil chun sraith Athbhreithnithe Próiseas Gnó a dhéanamh ar phríomhréimsí próisis ar fud ár réimsí oibríochtúla chun feabhas a chur ar eispéireas an úsáideora | RSC (Rannóg Seirbhísí Corparáideacha) | An chéad chéim in R2 | An chéad chéim de APG críochnaithe. Torthaí curtha faoi bhráid an Ard-Stiúrthóra agus na Foirne Ceannaireachta Sinsearaí. |

# Cumhachtú Trí Oideachas & Rannpháirtíocht

## Fostaithe, fostóirí agus an pobal a inniúlú leis an eolas chun cearta a chosaint agus chun na sásraí atá ar fáil chun fadhbanna a réiteach go luath

| Cuspóirí Straitéiseacha | Príomhghníomhaíochtaí | Aonaid Fhreagracha | Amlíne | Príomhtháscairí Feidhmíochta |
|---|---|---|---|---|
| An Rannán Eolais, Faisnéise agus Comhairleach (EFC) nua a bhunú agus a leabú | Comhordú agus cur i bhfeidhm na mbeart eagraíochtúil, struchtúrach agus oibríochtúil uile is gá chun an Rannán EFC a leabú laistigh de struchtúir an CCÁO | EFC | R1/R2<br>2026 | Sprioc réalaíoch do 2026 is ea 80 imeacht for-rochtana (62 in 2024, agus beidh an líon céanna ann do 2025). Is é an aidhm an sprioc sin a mhéadú de réir a chéile thar thréimhse trí bliana an RS (Ráiteas Straitéise) nua |
| | An t-aonad gnó nua um Fhorbairt Eolais agus Seirbhísí For-rochtana laistigh den Rannán a bhunú agus acmhainní a chur ar fáil dó. | EFC | R1 2026 | Bunú córas, uirlisí agus próiseas lárnacha Rannán EFC (e.g., córais bainistíochta eolais, struchtúir thuairiscithe, sásraí seachadta seirbhísí)<br><br>Struchtúr eagraíochtúil EFC curtha i bhfeidhm, agus poist thábhachtacha líonta (i.e. 1 Príomhoifigeach Cúnta (POC), 1 Ardoifigeach Feidhmiúcháin (AOF) agus 1 Oifigeach Feidhmiúcháin (OF) |
| Tús a chur le hathbhreithniú ar chuid de na Cóid Chleachtais sheanbhunaithe | Athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar an gCód Cleachtais maidir le hOibriú Níos Faide i gcomhairle le geallsealbhóirí. Athbhreithniú cuimsitheach ar roinnt Cóid Chleachtais roghnaithe atá ann cheana féin | EFC | R1 2026 agus le linn 2026 | Cóid curtha i gcrích agus nuashonraithe |
| Soláthar Seirbhísí Comhairleacha chun dea-chleachtas san ionad oibre a chur chun cinn | Feabhas a chur ar chaidreamh san ionad oibre atá sainiúil don suíomh trí athbhreithnithe a dhéanamh ar chleachtais agus nósanna imeachta caidrimh thionsclaíoch laistigh d'eagraíochtaí agus cathaoirleacht a dhéanamh ar chómheithleacha oibre agus fóraim | EFC | Ar feadh 2026 | Seachadadh clár éifeachtach, saincheaptha, sástacht mhór i measc úsáideoirí seirbhíse, caidreamh feabhsaithe san ionad oibre |
| | Cláir oideachais agus comhroinnte eolais san ionad oibre a chur ar fáil chun prionsabail dhearfacha caidrimh thionsclaíoch agus caidrimh oibre a chur chun cinn trí cheardlanna éascaitheacha d'fhostaithe agus d'fhostóirí | | Ar feadh 2026 | Tuiscint níos leithne agus níos fearr ar shaincheisteanna san ionad oibre agus caidreamh feabhsaithe san ionad oibre |

| Cuspóirí Straitéiseacha | Príomhghníomhaíochtaí | Aonaid Fhreagracha | Amlíne | Príomhtháscairí Feidhmíochta |
|---|---|---|---|---|
| Gníomhaíochtaí For-rochtana agus Oideachais a sheachadadh agus fócas ar ghrúpaí leochaileacha inár sochaí | Straitéis For-rochtana & Oideachais nua atá ailínithe go hiomlán a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm don CCÁO agus fócas ar ghrúpaí leochaileacha sa tsochaí | EFC | R1/R2 2026 | Críochnú agus faomhadh na Straitéise For-rochtana & Oideachais nua faoin spriocdháta<br>Céatadán na ngníomhartha for-rochtana agus oideachais pleanáilte a seachadta de réir an ama cur chun feidhme |
| | Feachtais for-rochtana agus oideachais a thionscnamh agus a chur i gcrích atá dírithe ar fheasacht a mhéadú ar sheirbhísí an CCÁO i measc an phobail, fostóirí/fostaithe, agus grúpaí geallsealbhóirí chomh maith le hearnálacha agus grúpaí leochaileacha sainaitheanta | EFC | Ar feadh 2026 | Méadú léirithe ar fheasacht nó ar thuiscint ar sheirbhísí an CCÁO i measc geallsealbhóirí (lena n-áirítear grúpaí leochaileacha spriocdhírithe). Tomhaiste trí anailísíocht ó ghníomhaíochtaí for-rochtana digiteacha agus i láthair go pearsanta, úsáid mhéadaithe ar sheirbhísí faisnéise CCÁO, agus aiseolas struchtúrtha ó ghrúpaí geallsealbhóirí agus abhcóideachta a dhéanann ionadaíocht ar phobail spriocdhírithe. |
| | Straitéisí cumarsáide éifeachtacha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun gníomhaíochtaí For-rochtana an CCÁO a fheabhsú | EFC | Ar feadh 2026 | Feasacht agus tuiscint mhéadaithe ar CCÁO, agus ar fheidhmeanna i gcaidreamh tionsclaíoch, i gcearta fostaíochta, i gcomhionannas agus i gcúrsaí comhstádais go léir. Tomhaiste trí rannpháirtíocht mhéadaithe le cumarsáid CCÁO (bealaí digiteacha, meán agus geallsealbhóirí), rannpháirtíocht níos airde i ngníomhaíochtaí for-rochtana, agus aiseolas dearfach ó dhaoine aonair agus ó gheallsealbhóirí |

| Cuspóirí Straitéiseacha | Príomhghníomhaíochtaí | Aonaid Fhreagracha | Amlíne | Príomhtháscairí Feidhmíochta |
|---|---|---|---|---|
| Straitéisí cumarsáide le geallsealbhóirí agus samhlacha aiseolais a bhunú | Straitéis Rannpháirtíochta agus Chumarsáide do Pháirtithe Leasmhara a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun na príomhphrionsabail a bhaineann le cur chuige an CCÁO i leith rannpháirtíocht páirtithe leasmhara a bhunú | EFC | R2/R3<br>2026 | An straitéis a bheith críochnaithe, ceadaithe, agus ailínithe le Plean Straitéiseach an CCÁO<br>Aithint agus doiciméadú riachtanas, ionchas agus roghanna cumarsáide na bpáirtithe leasmhara tábhachtacha<br>Líon agus éagsúlacht na ngníomhaíochtaí rannpháirtíochta le geallsealbhóirí a rinneadh<br>Oiliúint foirne críochnaithe ar phrionsabail rannpháirtíochta geallsealbhóirí agus prótacail chumarsáide |
| | Fóram Páirtithe Leasmhara de chuid an CCÁO a bhunú chun malartú tuairimí le príomhpháirtithe leasmhara a éascú, lena n-áirítear grúpaí leochaileacha (e.g. daoine faoi mhíchumas agus oibrithe imirceacha) | EFC | R2/R3<br>2026 | Fóram bunaithe go foirmiúil faoin spriocdháta agus Téarmaí Tagartha ceadaithe<br>Méadú ar líon nó ar éagsúlacht na bpáirtithe leasmhara atá gníomhach i mbun rannpháirtíocht leis an CCÁO<br>Sástacht na bpáirtithe leasmhara le struchtúr, cuimsitheacht agus cáilíocht rannpháirtíochta an Fhóraim |
| Tacú le margadh saothair na todhchaí trí léargais taighde agus sonraí | Úsáid sonraí ón áis bota comhrá ar stór faisnéise SFC (Seirbhísí Faisnéise agus Custaiméara) chun eolas a chur ar fáil do chláir faisnéise, oideachais agus for-rochtana. | EFC | Ar feadh 2026 | Tuarascálacha anailíseacha rialta arna dtáirgeadh lena dtugtar aird ar threochtaí agus ar bhearnaí faisnéise<br>Ábhair for-rochtana, oideachais agus faisnéise arna nuashonrú nó arna bhforbairt bunaithe ar léargas bota comhrá |
| | Taighde agus sonraí nua a fhoilsiú ar an tseirbhís idirghabhála réamhbhreithnithe sa CCÁO ar mhaithe le leas an tionscail agus an phobail agus le hoideachas | CBAC (Córas Bainistíochta Airgeadais Corparáideach) | R1 2026 | Tuarascáil Deiridh foilsithe |

# Neart Eagraíochtúil & Éabhlóid Straitéiseach

## Cumas inmheánach a thógáil chun ár n-uaillmhian a bhaint amach agus chun oiriúnú do riachtanais atá ag athrú trí úsáid a bhaint as cuir chuige atá bunaithe ar fhianaise agus treoraithe ag sonraí

| Cuspóirí Straitéiseacha | Príomhghníomhaíochtaí | Aonaid Fhreagracha | Amlíne | Príomhtháscairí Feidhmíochta |
|---|---|---|---|---|
| Treochlár TFC 3 bliana a mhúnlú chun rochtain dhigiteach a leathnú ar fud ár seirbhísí | Straitéis Dhigiteach an CCÁO 2026-2028 a fhorbairt agus a fhoilsiú | RSC | R1 2026 | Doiciméad straitéise críochnaithe agus foilsithe. Ailínithe le huaillmhian an Ráitis Straitéise.<br>Doiciméad straitéise agus plean aontaithe le TFC |
| Príomhtháscairí Feidhmíochta soiléire agus trédhearcacha a chomhaontú dár n-aschuir | Aschuir thosaíochta a aithint agus príomhtháscairí feidhmíochta intomhaiste a shainiú atá ailínithe leis na huaillmhianta straitéiseacha | Gach Rannán | R1 2026 | Príomhtháscairí Feidhmíochta comhaontaithe |
| Ár gcultúr a neartú trí thionscnaimh láidre daoine | Clár Luachanna agus Aitheantais an CCÁO a leabú | RSC | R1 – R4 2026 | An clár a bheith comhtháite in iompraíochtaí na heagraíochta agus na foirne |
| | Leanúint lenár gCreat Cultúrtha a chur i bhfeidhm trí chláir cheannaireachta agus rannpháirtíochta fostaithe | RSC | R2 2026 | Feidhmíocht na bhFoirne Claochlaithe |
| Creatlacha soiléire dul chun cinn gairme a fhorbairt atá nasctha le pleananna oiliúna agus forbartha | Mapáil a dhéanamh ar láidreachtaí an lucht saothair agus eolaire scileanna a chruthú | RSC | R2 2026 | Eolaire scileanna bunaithe |
| | Plean gníomhaíochta gairme, scileanna agus tacaíochta foirne an CCÁO a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm "*CCÁO: Creat Fórsa Saothair, Ullmhachta agus Cumais*" | | R3 2026 | Clár Forbartha Fórsa Saothair forbartha |



An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre
Workplace Relations Commission